

❖ An Lúibín ❖

31 Iúil 2011

Fulbright

Fuair fiche Meiriceánach deontas rialtas ó Éirinn chun Gaeilge a fhoghlaim i rith an tsamhraidh thuaidh. Scéim í a chuirtear i bhfeidhm faoi choimirce Chomisiún na Stát Aontaithe (Fulbright) um Mhalartú Oideachasúil, agus ligeann sí do dhaoine atá ag foghlaim Gaeilge sna Stáit cúrsa a dhéanamh sa Ghaeltacht – ar Inis Oírr, ar an gCeathrú Rua, i nGleann Cholm Cille agus i mBaile an Fheiritéaraigh.¹

Deirtear go bhfuil os cionn ochtó institiúid phobail agus tríú leibhéal ag múineadh Gaeilge sna Stáit. Ní le dúil sa dúchas sinseartha amháin atá daoine ag foghlaim na teanga ach mar áis acu i dtaighde PhD ar an stair agus eile. Dealraíonn sé go bhfuil meas ag roinnt iarrthóirí ar an teanga mar scil riachtanach acadúil. Más maith is mithid, ós annamh go dtí seo gur bhain acadóirí feidhm cheart as an nGaeilge mura raibh siad ag plé le stair agus le seanlitríocht na teanga féin.

Féach www.fulbright.ie.



Daonáireamh 2011

San Astráil táimid i mbéala daonáireamh na bliana 2011 a dhéanamh. Bíodh aird againn ar cheist na dteangacha: ‘An labhraíonn aon duine den teaghlach teanga nach Béarla í sa bhaile?’

Cuirfidh *An Lúibín* suim ar leith sa fhreagra. Tá, ar ndóigh, mórán daoine ann a bhfuil teanga áirithe acu agus nach mbaineann úsáid aisti sa bhaile, rud a chuireann na figiúirí as a riocht beagán. Os a choinne sin, tá méadú éigin tagtha ar líon na n-inimircigh a thug clann óg leo ó Éirinn agus Gaeilge na scoile ag na páistí sin. (D’fhiafraigh a leithéidí de Chumann Gaeilge na hAstráile le déanaí an raibh ranganna ar fáil do pháistí.) B’fhéidir go mbeadh roinnt fíor-Ghaeilgeoirí ina measc agus an teanga le cloisteáil cois tinteáin dá bharr.

Tá sé in am freisin suirbhé a dhéanamh d’fhonn líon na gcainteoirí Gaeilge ina n-iomláine a mheas san Astráil, más go garbh féin é. Ní dhéanfaidh Búró na Staitisticí dúinn é. Caithfidh taighdeoirí eile tabhairt faoi.



Fear deireanach Waterloo

Bhí Arm na Breataine dubh le hÉireannaigh ar feadh an 19ú haois agus Gaeilge ag roinnt an-mhór acu. Bhí gá chomh mór sin leis an saighdiúirí sin gur i nGaeilge a foilsíodh leagan de *Rialacha agus Orduithe* an Airm faoi chearta pinsin agus eile sa bhliain 1806: *Gach Maor no saighdiur a bhfuil ceart aige air a leigion amach go hiomlan, mas a Muith bhios a Seirbhís an uair sin, do chur don Bhreatain Mhoir no go h’Eirinn, saor o Chostas, agus an Pagha dfaghail do lualtar do Mhaoir agus do Shaighdiuraighe air Mhairseail, on ait a ttigan se ar tír go ttigh an bParaiste no go ttigh an ait ar liostaladh an chead uair e...*²

Níl a fhios ar léigh Muiris Ó Sé an fógra seo riamh, má bhí léamh na Gaeilge aige ar chor ar bith, ach scéal é a bhain lena shaol féin. Rugadh é sa bhliain 1794 sa Phríóireacht, in aice le Trá Lí, agus bheadh togha na Gaeilge

¹ ‘US citizens visit Gaeltacht for cúpla focal,’ Dan Buckley, *Irish Examiner*, 20/7/11

² *Gach maor [oifigeach] nó saighdiúir a bhfuil ceart aige air a lígean amach go hiomlán, más anuigh a bhíonn a sheirbhís an uair sin, a chur don Bhreatain Mhór nó go hÉirinn, saor ó chostas, agus an pá a fháil a lamháiltar do mhaoir agus do shaighdiúirí ar mháirseáil, ón áit a dtagann sé ar tír go dtí an paróiste no go dtí an áit ar liostáladh an chead uair e...*

ina bhéal aige ag fás suas dó. Chuaigh sé i Míliste Chiarraí in aois a ocht mbliana déag, agus i gceann bliana chuaigh sa 73ú Coisithe. I Mí na Bealtaine 1815 bhí sé i láthair ag Cath Waterloo agus níor fhág sé an tArm go dtí an bhliain 1822 tar éis seirbhíse fada. Bhí céim ceannaire deichniúir aige faoin am sin agus pinsean 6d sa lá, agus laige sláinte air de dheasca fiabhrais agus cneánna a bhuaíl é le linn a sheirbhíse sa tSiolóin (Sri Lanca).

Nuair a d'fhill sé ar Chontae Chiarraí sa bhliain 1823 phós sé Máire Ní Chonchúir ó Chathair Saidhbhín agus gan aici ach ceithre bliana déag d'aois. Ní raibh sé bréan den tsaighdiúracht fós. Chuaigh sé sa *British Auxiliary Legion* i gCorcaigh agus bhí sé ar fiannas mar leifteanant sa Chogadh Cathartha sa Spáinn (1833-39).³ Scoireadh an Léigiún sa bhliain 1838 agus d'fhill Muiris ar Éirinn.

Rug an Drochshaoil ar an tír cúpla bliain ina dhiaidh sin, agus sa bhliain 1842 thug an teaghlach a n-aghaidh ar Cheanada – Muiris féin, Máire agus seisear clainne. Fuair ceathrar den chlann bás le fiabhras tar dóibh teacht i dtír agus dóbair do Mhuiris féin iad a leanúint. Chuir an teaghlach fúthu i Montréal, áit a bhfuair Muiris post mar phóilín ar dtús agus ansin post sa phríosún.

Cailleadh Muiris Ó Sé sa bhliain 1892 in aois a ocht mbliana is nócha agus é ar an duine deireanach a tháinig slán ó Arm na Breataine ag Waterloo.

Le léamh:

Fitzgerald, Patrick agus Lambkin, Brian: *Migration in Irish History, 1607-2007*, Palgrave Macmillan 2008.

* http://en.wikipedia.org/wiki/Battle_of_Waterloo

* http://fr.wikipedia.org/wiki/Bataille_de_Waterloo

* http://en.wikipedia.org/wiki/First_Carlist_War



Uíbh Ráthach an ratha

Bhí Gaeltacht Uíbh Ráthach i ndeisceart Chiarraí ag meath go ciúin, socair, sámh nó gur thosaigh mic léinn ó Choláiste Hibernia ag triall uirthi cúpla bliain ó shin. Aisteach le rá, scoil ar líne is ea an coláiste sin, ach caithfidh na mic léinn trí bliana a chaitheamh sa Ghaeltacht mar chuid den chúrsa do bhunmhúinteoirí. Tá an t-airgead ag teacht isteach, tá comharthaí Gaeilge tógtha agus tá na tithe aíchta ag bualadh an iarainn fad is atá sé te.

Admhaítear sa chomharsanacht gur ar éigean a bhí an teanga á húsáid nó gur thosaigh na mic léinn ag teacht. Anois tá roinnt gnólachtaí ag baint feidhme as an nGaeilge ar mhaithe leis na cuairteoirí úd, ach tugann an scéal léargas ar fhadhb úd na nGaeltachtaí atá ag imeacht gan teacht. Is gearr nach mbeidh a oiread den teanga á labhairt sa Ghaeltacht Oifigiúil is a chuirfidh ar chumas na mac léinn an cúpla focal féin a chleachtadh, go fiú sna gaelcheantair is treise. Níl ann ach Breac-Ghaeltachtaí anois, agus cuid acu níos brice ná a chéile. Tá na Nua-Ghaeltachtaí ag teacht ar an bhfód, gaelcheantair Bhaile Átha Cliatha agus Bhéal Feirste, ach tá an Roinn Oideachais ag cloí go fóill leis an tseanaisling – fód sinseartha na Gaeilge mar a bhí sé caoga bliain ó shin.

Níl aon amhras ná go bhfuil muintir Uíbh Ráthach (nó a bhformhór) sásta timpeallacht lán-Ghaeilge a sholáthar más féidir agus rath na dúiche ag brath air. Níl a fhios cén tairbhe a bhaineann na mic léinn as, cé go mbeadh súil agat go dtiocfadh feabhas beag ar a gcuid den teanga. Is cinnte nach é clú na héifeachta atá ar bhunscoileanna na tíre maidir le múineadh na Gaeilge, agus baint aige sin le neamhlíofacht na múinteoirí. Go mbláthaí Uíbh Ráthach, mar sin.



Taighde nua ar fhoghlaím teanga

³ An Chéad Chogadh Carlach: cogadh idir Carlos Maria Isidro, deartháir Ferdinand VII na Spáinne, agus Isabella, iníon Ferdinand. De réir dlí nua ag an am, bhí cead ag bean (Isabella sa chás seo) teacht in oidhreacht na corónach, rud nár thaitin le Carlos, mar gur aige a bheadh ceart ar an gcoróin de réir an tseandlí. Le rialtas Isabella a bhí an Bhreatain ag cuidiú, cé go ndeachaigh réigiúin éagsúla i leith Carlos chun ceartha áitiúla a chosaint.

In aois seo na gaelscolaíochta, tá taighde suimiúil á spreagadh ar shealbhú na Gaeilge i measc daoine óga in Éirinn. Tá An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun scoláireacht a mhaoiniú ar son dochtúireachta i Scoil na Síceolaíochta UCD. An té a gheobhaidh an scoláireacht sin ní mór dó céim onóireach sa tSíceolaíocht nó Máistreacht a bheith aige, Gaeilge a bheith ar a thoil aige agus taithí a bheith aige ar na modhanna cuí anailíse.

Léirigh taighdeoirí idirnáisiúnta cé chomh fada is a thógann sé greim ceart a fháil ar ghnéithe áirithe de theanga ar bith. Déanfaidh an tionscadal nua seo scrúdú ar na meánchéimeanna i sealbhú na Gaeilge ag páistí líofa (idir aonteangaigh agus dhátheangaigh) idir seacht mbliana agus aon bhliain déag.

Ar ndóigh, bheidh ort léirbhreithniú a dhéanamh ar an litríocht thrastheangeolaíoch faoi shealbhú teanga, obair mhór inti féin. Ansin ní mór trialacha a bheartú ar ghnéithe áirithe de mhoirfeolaíocht na Gaeilge agus torthaí na dtrialacha a mheas i bhfianaise na litríochta idirnáisiúnta agus shochtheangeolaíocht na Gaeilge.

Táthar ag súil go gcabhróidh an t-iniúchadh seo le léargas a thabhairt ar ghnáthshealbhú na teanga ag páistí in aoiseanna difriúla agus ó chúlraí teanga éagsúla. B'fhéidir go gcuideodh seo le múineadh na Gaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla má éiríonn leis an leasú atá le déanamh (faoi dheireadh thiar thall) ar an nGaeilge éigeantach.



Scannánaíocht na Gaeilge

Caithefear an pobal (nó cuid díobh) a chur ag gáire nó ag gol, agus dá bhrí sin beidh MA nua i Léiriú Scannán agus i Scríbhneoireacht Scripte le fáil ó Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste i mbliana. Cúrsa an-phraicticiúil é, cé nach déanfar faill sa taobh criticiúil den obair. Is féidir é a dhéanamh go páirtaimseartha más gá. Is díol spéise é ar bhealach eile – é a bheith i nGaeilge ar fad.

Tá ábhar an chúrsa roinnte mar a leanas:

- Modhanna taighde: An Cleachtas Criticiúil agus Cruthaitheach.
- Ceardlann Chleachtas na Scannánaíochta - na scileanna praiticiúla.
- Ardscileanna Gaeilge.
- Scríbhneoireacht Scripte agus Léiriú Scannán – conas cruth a chur ar na bunsmoite. Beidh gairmithe de chuid na meán Gaeilge páirteach sa chuid seo den chúrsa.
- Taighde neamhspleách nó tionscadal praiticiúil a mbeidh tráchtas Gaeilge mar thoradh ann.

Tá a lán gnólachtaí léiriúcháin ag obair cheana ar son TG4 ach ba bhreá an rud é scannán Gaeilge nó dhó a fheiceáil sna pictiúrlanna. Ní mór a admháil nach furasta do lucht scannánaíochta gaisce a dhéanamh i mBéarla féin in Éirinn, gan tracht ar Ghaeilge, agus a dheacra atá sé teacht ar mhaoiniú agus ar acmhainní. Mar sin féin, ná diúltaítear don deis seo, fiú má scaiptear formhór na gcéimithe ar fud an domhain ina dhiaidh sin.

Féach:

<http://www.qub.ac.uk/schools/SchoolofLanguagesLiteraturesandPerformingArts/SubjectAreas/IrishandCelticStudies/Postgraduate/TaughtMAProgrammes/MAinIrish-MediumFilmandScriptProduction/>



Aontas

Tiocfaidh pobal na Gaeilge (nó an chuid is caintí acu) le chéile ag seimineár i nGaillimh i Mí Mheán Fómhair in éineacht leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, leis an Roinn Cultúrtha, Ealaíon agus Fóillíochta ó Thuaidh, agus le Foras na Gaeilge. Cúrsaí pleanála a bheidh i gceist. Tá athrú ag teacht ar chúrsaí maoinithe agus tá fonn ar na heagraíochtaí a cinntiú nach iadsan a bheidh thíos leis. Na bacaigh á ngoradh féin le gréin.

Seo an chéad imeacht de chuid Aontas Phobal na Gaeilge (APG), comhcheangal eagraíochtaí Gaeilge - Comhluadar, Comhaltas Uladh, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Seachtain na Gaeilge. Na

gnáthaidhmeanna aige agus iad curtha in iúl sa ghnáthbhearlagair ('cuireann Aontas Phobal na Gaeilge luach ar shaothar dhaoine deonacha na hearnála'). Is fiú, áfach, suntas ar leith a tabhairt do chuspóir amháin- 'gréasáin Ghaeltachtaí nua a fhorbairt mar thearmainn teanga'.



An aimsir nua agus an Astráil

San Astráil, cé go ndéarfadh formhór mór na n-eolaithe leat gan fiacail a chur ann go bhfuil forthéamh an domhain ar siúl i ndáiríre, tá argóintí nimhneacha á ndéanamh fós ag lucht amhrais. Ábhar é a chuireann colg ar dhaoine, agus is é is cúis leis sin, b'fhéidir, a fhios a bheith againn go rachaidh sé rite linn na fadhbanna nua a shárú. Bagraítear bás ar eolaithe, sciollann craoltóirí confacha lucht na 'comhcheilge', feannann an dá dhream a chéile.

Mar a deir na heolaithe féin, tá éiginnteacht ag baint le cuid mhaith den scéal, go háirithe an ghaolmhaireacht idir an t-atmaisféar agus an mhuir. Tá dlúthbhaint eatarthu agus nílimid ach i dtús tuisceana maidir le hoibriú na gaolmhaireachta sin. Dá luaithe a fhaighimid léargas níos leithne ar an scéal is ea is fearr é agus an Astráil timpeallaithe ag aigéin an domhain. Tá cinnteacht ag baint le rudaí eile, gan amhras - leá an oighir i réigiúin fhuara an domhain agus méadú na hocsaíde carbóin san atmaisféar, dhá rud is féidir a mheas go cruinn. Fiú mura bhfuil i spreagadh daonna an fhorthéimh ach beagán os cionn 1%, is leor sin chun dlús suntasach a chur leis.

Ina theannta sin tá aimsir aisteach le fáil ar fud an domhain. An bhliain seo caite tháinig borrtreas sa mhullach ar Oirthear Eorpa nár thit a leithéid amach le cúig chéad bliain. I mbliana tharla an rud céanna in Iarthar Eorpa, in éineacht le triomach a d'fhág aibhneacha móra gan uisce agus a chuir stáisiúin núicléacha i mbaol cheal uisce fhuaraithe. Ansin tháinig na tuilte. Bhí tubaistí in áiteanna eile: bádh Queensland agus lean tuilte móra triomach loiscneach in Iár agus deisceart na Síne. I Meiriceá bhí Arizona á loscadh ag tinte móra, bhí Texas agus stáit dheisceartacha eile gafa ag triomach gan deireadh, agus chuaigh an Missouri thar bruach le tuilte nach raibh a leithéid ann le cuimhne na ndaoine. Bhí teocht 49°C sa Raitseastáin san India agus os cionn 50°C sa Chúáit, agus bhí daoine ag fáil bháis den teas i mBangla Deis. Ní cruthú iad na himeachtaí seo iontu féin go bhfuil forthéamh ann, ach tá siad ag cur go maith leis an méid a mbeifeá ag súil leis.⁴ Triomaigh, tuilte, tubaistí gan choinne, agus cliseadh na réamhaithrise.

Tá brabach le baint as an athrú, cinnte, ach ullmhú chuige – aon seift a thioctadh roimh easpa uisce, easpa breosla, easpa fuinnimh. Tá an t-eolas, an tseiftiúlacht agus an teicneolaíocht ag an Astráil, ach nílimid go maith chun leas a bhaint astu i gcúrsaí den saghas seo. Is deacair airgead a fháil chun uirlis fhóna a dhéanamh de smaoinemh iontach, agus díoltar an smaoinemh iontach leis an strainséar. Déanaimid sinn féin a lochtú as a bheith go rómhór i dtaobh leis an mianadóireacht, máthair na maoinne, ach idir an dá linn leanann conspóid a bhfuil cuid mhaith di gan chiall. Deis eile á ligean tharainn.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

⁴ Féach a bhfuil le rá ag William Chameides, eolaí atmeaisféarach ó Ollscoil Duke agus leaschathaoirleach grúpa taighdeoirí a fuair maoiniú ó Rialtas Mheiriceá le haghaidh tuairisce ar chúrsaí aeráide: 'Warning: extreme weather ahead,' John Vidal, *The Guardian*, 13/6/11.

Leaganacha simplithe

Taighde nua ar fhoghlaim teanga

Tá taighde suimiúil le déanamh ar shealbhú na Gaeilge i measc daoine óga in Éirinn. Tá scoláireacht le fáil chuige⁵ i Scoil na Siceolaíochta UCD.

Léirigh taighdeoirí⁶ idirnáisiúnta cé chomh fada is a thógann sé⁷ gnéithe áirithe de theanga⁸ a fhoghlaim mar is ceart. Déanfaidh an taighde nua seo scrúdú ar na meánchéimeanna⁹ i bhfoghlaim na Gaeilge ag páistí líofa idir seacht mbliana agus aon bhliain déag d'aois.

An té a gheobhaidh an scoláireacht beidh mórán oibre le déanamh aige: an litríocht a léamh, trialacha a dhéanamh agus torthaí na dtrialacha a mheas. Tá siad ag súil le léargas a fháil ar¹⁰ shealbhú na teanga ag páistí in aoiseanna difriúla agus ó chúlraí teanga éagsúla.

Fear deireanach Waterloo

Bhí mórán Éireannach in Arm na Breataine sa naoú haois déag agus Gaeilge ag cuid mhór acu. Bhí gá chomh mór sin¹¹ leis an saighdiúirí sin gur i nGaeilge a foilsíodh leagan de *Rialacha agus Orduithe* an Airm faoi chearta pinsin agus rudaí eile sa bhliain 1806.

Bhí Muiris Ó Sé ar dhuine de na saighdiúirí sin¹². Rugadh é sa bhliain 1794 i gContae Chiarraí. Chuaigh sé san Arm, agus sa bhliain 1815 bhí sé ag Cath Waterloo. Bhí sé ar fiannas¹³ in áiteanna éagsúla agus d'fhág sé an tArm sa bhliain 1822.

Phós sé nuair a tháinig sé abhaile agus chuaigh sé san Arm arís. Bhí sé ag troid sa Spáinn nuair a chuir Rialtas na Breataine saighdiúirí ann chun cuidiú le Rialtas na Spáinne i gcogadh cathatha a bhí ar siúl ann.

Tháinig sé abhaile arís, ach chuaigh sé féin agus a chúram¹⁴ chun Ceanada sa bhliain 1842 fad is a bhí an Drochshaol ar siúl. Fuair cuid dá chlann bás den fhiabhras, ach chuir an chuid eile den teaghlach fúthu¹⁵ i gcathair Montréal.

Cailleadh Muiris Ó Sé sa bhliain 1892 nuair a bhí sé ocht mbliana is nócha d'aois. Ba é an duine deireanach d'Arm na Breataine é a bhí ag Waterloo.

An aimsir nua agus an Astráil

San Astráil deir formhór mór na n-eolaithe go bhfuil forthéamh an domhain¹⁶ ar siúl i ndáiríre. Ach tá lucht amhrais ann agus colg ar chuid acu. Bagraítear bás ar eolaithe agus is minic achrann ann.

Mar a deir na heolaithe féin, tá éiginnteacht¹⁷ ag baint le cuid mhaith den scéal, go háirithe an ghaolmhaireacht¹⁸ idir an t-atmaisféar agus an mhuir. Tá baint aige sin le hoibriú na haeráide. Tá

⁵ Chuige – for that purpose

⁶ Taighdeoirí - researchers

⁷ Cé chomh is a thógann sé – how long it takes

⁸ Gnéithe áirithe de theanga – certain aspects of a language

⁹ Meánchéimeanna – intermediate steps

¹⁰ Léargas a fháil ar – get an insight into

¹¹ Gá chomh mór sin – so great a need

¹² Ar dhuine de na saighdiúirí sin – one of those soldiers

¹³ Ar fiannas – on active duty

¹⁴ A chúram – his (dependent) family

¹⁵ Chuir an chuid eile den teaghlach fúthu – the rest of the family settled down

¹⁶ Forthéamh an domhan – global warming

¹⁷ Éiginnteacht - uncertainty

¹⁸ Gaolmhaireacht - relationship

cinnteacht ag baint le rudaí eile, áfach - leá an oighir ar fud an domhain agus méadú na hocsaide carbóin san atmaisféar, dhá rud is féidir a mheas go cruinn.¹⁹

Lena chois sin²⁰ tá aimsir aisteach le fáil ar fud an domhain – teas mór agus tinte in áiteanna éigin agus tuilte in áiteanna eile. D'fhág seo a rian ar an Eoraip, an Mheiriceá, ar an India, ar an meánoirthear agus ar an Astráil. Mar a deir na heolaithe, ní chruthaíonn imeachtaí den saghas sin go bhfuil forthéamh an domhain ar siúl, ach tá siad ag teacht go maith²¹ leis na rudaí a bhí á dtuar.²²

Tá brabach le baint as an scéal san Astráil má éiríonn linn²³ na fadhbanna nua (easpa uisce, mar shampla) a fhuascailt. Is deacair airgead a fháil chun fionnachtana²⁴ a fhorbairt, áfach, agus b'fhéidir go rachaidís ar sochar do²⁵ thíortha eile. Idir an dá linn leanann conspóid a bhfuil cuid mhaith di gan chiall. Deis eile á ligean tharainn.

¹⁹ Dhá rud is féidir a mheas go cruinn – two things it is possible to measure precisely

²⁰ Lena chois sin – along with that

²¹ Ag teach go maith (le) – in keeping with

²² Á dtuar – being predicted

²³ Má éiríonn linn – if we succeed in

²⁴ Fionnachtana - inventions

²⁵ Ar sochar do – to the benefit of